C/2026/4648

23.9.2026

Rún ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Moltaí CESE maidir leis na tograí um athchóiriú agus um infheistíocht a ceapadh mar chuid de thimthriall an tSeimeastair Eorpaigh 2025-2026

(C/2026/4648)

Rapóirtéirí: **Gonçalo LOBO XAVIER**
Andrea MONE
Luca JAHIER

Bunús dlí	Riail 52(4) de na Rialacha Nós Imeachta
Dáta a ghlactha sa seisiún iomlánach	18.6.2026
Seisiún iomlánach Uimh.	606
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	175/3/0

1. Réamhrá

1.1. Is cuid de phacáiste é an rún seo, faoi mar is ea freisin an tuarascáil faisnéise chomhfhreagrach ([1]) agus an iarscríbhinn mhionsonraithe a ghabhann léi ([2]). Pacáiste atá ann a eascraíonn as an obair a dhéanann Grúpa CESE um an Seimeastar Eorpach ar bhonn bliantúil. Is éard a bhíonn i gceist leis an obair sin ná go dtéann an Grúpa i gcomhairle leis na comhairlí náisiúnta eacnamaíocha agus sóisialta, leis na comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta ó Bhallstáit an Aontais maidir le gnéithe mórthábhachtacha den Seimeastar Eorpach. Sa tuarascáil faisnéise ([3]), tiomsaítear tuairimí na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ó na 27 mBallstát maidir leis na tograí náisiúnta um athchóiriú agus um infheistíocht agus lena gcur chun feidhme (timthriall an tSeimeastair Eorpaigh 2025-2026) ([4]). Ina theannta sin, cuireann an rún seo comaoin ar an tuarascáil faisnéise sa mhéid go gcuireann sé ar fáil moltaí beartais, conclúidí agus tograí beartais an Choiste atá bunaithe ar thorthaí an chomhairliúcháin leis na geallsealbhóirí mar atá leagtha amach sa tuarascáil.

1.2. Is ag leanúint den obair atá ar siúl ag CESE le roinnt blianta anuas atáthar leis na gníomhaíochtaí sin, obair a bhaineann le Seimeastar Eorpach agus creat rialachais eacnamaíoch níos rannpháirtí a chur chun cinn. D'fhágfadh sin tuilleadh freagrachta ar na húdaráis náisiúnta ina leith agus páirt níos mó ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta san obair. Toisc gur rannpháirtíocht leathan atá i gceist, fágann sin bonn láidir faoin gcinnteoireacht fhianaisebhunaithe agus faoin dlisteanacht dhaonlathach agus cuirtear le tacaíocht an phobail do bheartais chlaochlaitheacha agus don athrú sistéamach.

2. Moltaí CESE maidir leis na tograí um athchóiriú agus um infheistíocht a ceapadh mar chuid de thimthriall an tSeimeastair Eorpaigh 2025-2026

Seo seasamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)

2.1. Athdhearbhaíonn sé **na moltaí** a rinneadh sna tuairimí a d'eisigh sé maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil ([5]), Pacáiste an Fhómhair ([6]) agus an Rialachán Feidhmíochta ([7]).

([1]) Dearcadh na sochaí sibhialta eagraithe i mBallstáit an Aontais maidir leis na tograí náisiúnta um athchóiriú agus um infheistíocht agus lena gcur chun feidhme (timthriall an tSeimeastair Eorpaigh 2025-2026).
([2]) Iarscríbhinn.
([3]) Bhailigh an Grúpa um an Seimeastar Eorpach tuairimí na ngeallsealbhóirí sin, trí bhíthin ceistneora agus cúig chuairt tíre, idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2026.
([4]) Deich gceist a bhí sa cheistneoir, agus iad grúpáilte de réir ceithre phríomhábhar: (1) bearta athchóiriúcháin agus infheistíochta sna Ballstáit, go háirithe iad siúd atá bunaithe ar mholtaí tírshonracha 2025 agus ar a gcur chun feidhme; (2) cur chun feidhme na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a thabhairt chun críche; (3) pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu; (4) an nasc idir an Creat Airgeadais Ilbhliantúil agus an Seimeastar Eorpach.
([5]) *An Bóthar i dTreo an Chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil Eile* (IO C, C/2025/3202, 2.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3202/oj), agus *Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034* (IO C, C/2026/1974, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/1974/oj).
([6]) *Seimeastar Eorpach 2025 — Pacáiste an Fhómhair* (IO C, C/2025/2019, 30.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2019/oj), agus *Breithnithe breise maidir leis an mbealach chun cinn i ndáil le próiseas 2025 an tSeimeastair Eorpaigh* (IO C, C/2026/10, 16.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/10/oj).
([7]) Creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid an Aontais (á réiteach faoi láthair).

2.2. Leagann sé béim ar **na torthaí is mó tábhacht**: is deimhin go mbaineann na moltaí tírshonracha go mór le hábhar, ach déantar beag is fiú de na gnéithe sóisialta. Is fíor go raibh luach straitéiseach ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ach ní foláir í a thuiscint i gcomhthéacs na paindéime ós léir anois ar an mórgóir go bhfuil sí ró-chasta agus ró-láraithe agus gur cuireadh chun feidhme í faoi dheifir. D'fhéadfaí cur le breisluach an Aontais dá nascfaí an Creat Airgeadais Ilbhliantúil agus an Seimeastar Eorpach le chéile, ach bheadh sin ag brath go mór ar choimircí a bheith ann le haghaidh an daonlathais, na coimhdeachta agus na cothromaíochta sóisialta. Is é an locht is mó ab fhéidir a fháil air seo, dar le CESE, ná nach mbeadh i rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ach cuid den nós imeachta, mar atá i láthair na huaire, agus gur beag tionchar a bheadh aici i ndáiríre. Anuas air sin, is ann fós do bhearnaí ó thaobh an chur chun feidhme i gcoitinne de, agus tá CESE ag iarraidh, dá bhrí sin, go leagfaí tuilleadh béime ar an acmhainneacht forghníomhaithe, ar an éifeachtúlacht riaracháin agus ar thorthaí intomhaiste.

2.3. Dearbhaíonn sé go bhfuil todhchaí an Aontais ag brath ar an **idirnasc dinimiciúil láidir idir na cheithre chineál caipitil atá aige** (caipiteal eacnamaíoch, daonna, sóisialta agus comhshaoil), agus béim níos mó dá réir sin ar an iomaíochas inbhuanaithe a fheabhsú, rud atá fréamhaithe go daingean in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, sa Chomhaontú Glas agus i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta. Iarrann CESE ar an gCoimisiún na ceithre chineál caipitil sin a fhí le chéile, agus gan leor a ghabháil le **fás atá dírithe ar OTI** (mar a mhol an tAirmheán Comhpháirteach Taighde a dhéanamh ([8])) ionas gur féidir samhail slándála a ghlacadh ar sainghnéithe di an athléimneacht eacnamaíoch, an comhtháthú sóisialta agus an inbhuanaitheacht comhshaoil. Agus **aird ar leith á tabhairt** san am céanna **ar aontas na margaí caipitil**, ní foláir **cur chun feidhme an mhargaidh aonair** a chomhtháthú go hiomlán sa Seimeastar Eorpach agus sna moltaí tírshonracha, mar aon leis an gcuntasacht pholaitiúil faoi rialacha an mhargaidh aonair a fhorfheidhmiú.

2.4. Tá CESE den tuairim go mba ríthábhachtach **leas a bhaint as acmhainneacht an Aontais, agus an tsolúbthacht, an choimhdeacht agus an rialachas il-leibhéil á gcaomhnú san am céanna**, ionas gur féidir dul sa tóir ar fhíor-bhreisluach Eorpach agus é a chur ar fáil a fhad a bhaineann leis an Seimeastar Eorpach agus an Creat Airgeadais Ilbhliantúil a nascadh le chéile. Mar sin féin, diúltaíonn CESE go daingean dearfa do loighic na coinníollachta pionósaí maicreacnamaíche agus molann sé struchtúr dreasachtaí dearfacha ina sainaithneodh an Seimeastar scrogaill straitéiseacha agus ina gcuirfeadh an Creat Airgeadais Ilbhliantúil tacaíocht spriocdhírithe ar fáil chun aghaidh a thabhairt orthu. Aithníonn CESE go bhfuil ag méadú ar an tábhacht a bhaineann leis an athléimneacht agus an ullmhacht i réimse na cosanta agus tá sé ag iarraidh go mbunófaí timpeallacht rialála lena gcuirfí deimhneacht dhlíthiúil agus tacaíocht ar fáil chun infheistíocht i gcumais arna gcomhordú ag an Aontas a shlógadh, d'fhonn an táirgiúlacht, an t-iomaíochas, an fás eacnamaíoch, an comhtháthú, an athléimneacht agus an uathriail straitéiseach a fheabhsú.

2.5. Molann CESE **go mbainfí earraíocht as an taithí a fuarthas go dtí seo** (go háirithe eolas a chur ar na lochtanna a fuarthas ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta) agus go ndéanfaí deimhin de go gcaomhnófaí cuspóirí sóisialta agus rialachas il-leibhéil an Aontais faoi ollstruchtúr an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil. Chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach chuspóirí straitéiseacha an Aontais agus athléimneacht a gheilleagair a áirithiú, ba cheart spás fioscach a chruthú chun cuspóirí sóisialta coiteanna an Aontais a bhaint amach agus, go háirithe, chun rannchuidiú leis an Mol Infheistíochta Sóisialta a sheol an Coimisiún Eorpach le déanaí.

2.6. Tugann CESE chun suntais, go háirithe, **gur minic a dhéantar beag is fiú de na saincheisteanna sóisialta sna moltaí tírshonracha** agus nár leor nó nárbh éifeachtúil leibhéal cur chun feidhme na moltaí tírshonracha sóisialta san am atá thart, nó fiú nár cuireadh chun feidhme iad ar chor ar bith ar uairibh. Ar an ábhar sin, tá aird ar leith á tabhairt ag CESE ar an gCreat maidir le Cóineasú Sóisialta agus leanfaidh sé d'fhaireachán a dhéanamh ar an tionchar iarbhír a bhíonn aige ar thimthriall foriomlán an chomhordúcháin i dtaca le beartais eacnamaíocha agus shóisialta an Aontais. Creideann CESE, go dtí go sárófar na dúshláin a sainaithníodh, go mbeidh gá le gníomhaíocht rialtais a shainordú agus a neartú d'fhonn an fuinneamh riachtanach a spreagadh ar an leibhéal náisiúnta agus d'fhonn dlús a chur le ceapadh, cur chun feidhme agus cur i gcrích na n-athchóirithe, sin agus lena meastóireacht dhaonlathach.

2.7. I dtreo gur féidir an cuspóir sin a bhaint amach, tá CESE lánchinnte de nach foláir don Aontas **creat comhoibríoch níos láidre a fhorbairt** faoina dtabharfaí luach saothair do thorthaí agus don fheidhmíocht trí chúnamh teicniúil spriocdhírithe a chur ar fáil agus trí bheith solúbtha i leith an chómhaoinithe. Ba ghá freisin saintréithe sonracha na gcomhthéacsanna náisiúnta agus réigiúnacha a chur san áireamh.

([8]) Gan leor a ghabháil le OTI: dea-bhail inbhuanaithe agus chuimsitheach a bhaint amach — An tAirmheán Comhpháirteach Taighde.

2.8. Molann CESE, dá bhrí sin, **go gcuirfí dlús le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta** (d'fhonn prionsabal na comhpháirtíochta a fheabhsú céim ar chéim de réir mar a chlaonann rialachas an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil agus an tSeimeastair Eorpaigh ar a chéile) **trína chlaochlú ó cheanglas gar-nós imeachta go crann tiomána substainteach an ratha beartais**. Bheadh sin bunaithe ar mheastóireacht éigeantach a dhéanamh ar rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí le linn an timthrialla beartais ina iomláine, agus simpliú a dhéanamh i ndáiríre ar an ualach riaracháin agus rialála a chuirtear ar údaráis phoiblí, ar ghnólachtaí agus ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta (seachas ar sheirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh amháin), sin agus comhréireacht an ualaigh sin a áirithiú.

2.9. Iarrann CESE ar an gCoimisiún **feabhas a chur ar cháilíocht agus ar uainiú na bpróiseas faisnéise agus comhairliúcháin araon mar chuid den Seimeastar Eorpach**. Áirítear leis sin infheistíocht a dhéanamh san fhothú acmhainneachta le haghaidh an idirphlé shibhialta agus shóisialta, próisis chomhairliúcháin a neartú agus a n-amlínte a fheabhsú, rochtain ar shonraí trédhearcacha inchomparáide a fheabhsú, agus cód Eorpach a bhunú ina leagfaí amach conas comhairliúcháin a dhéanamh faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh agus conas pleananna náisiúnta a dhréachtú agus a chur chun feidhme, i gcomhréir le cleachtais náisiúnta agus le creataí idirphlé shóisialta.

2.10. Tá CESE ag iarraidh, dá bhrí sin, **go dtabharfaí isteach measúnú éigeantach ar cháilíocht agus ar thionchar na comhpháirtíochta**. Níor leor meastóireacht a dhéanamh ar cé acu a chuathas nó nach ndeachthas i gcomhairle leis na comhpháirtithe, óir ba cheart scrúdú a dhéanamh freisin ar a mhéad a mhúnlaigh a n-ionchur na cláir oibríochtúla deiridh. **Bonn ar bhonn leis sin, ní foláir simpliú radacach a dhéanamh ar na sásraí seachadta**, i gcomhar le húdaráis bhainistíochta, comhlachtaí réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, d'fhonn a áirithiú go mbeidh na córais iniúchóireachta agus faireacháin comhréireach agus go n-urramófar prionsabal na bainistíochta comhroinnte gan dúbailt iomarcach mhaorlathais a bheith ann.

An Bhruiséil, an 18 Meitheamh 2026.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Séamus BOLAND